Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2584

21.11.2023

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2584 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Samhain 2023**

**maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hidir-inoibritheacht na gcóras iarnróid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), comhábhair idir-inoibritheachta agus fochórais atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur comhábhair agus fochórais iad atá i gcomhréir leis na buncheanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh a leagtar amach sa Treoir sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057 ón gCoimisiún ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir (AE) 2016/797, lenar aisghaireadh Treoir 2008/57/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057, dhréachtaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN 15085-3:2022+A1:2023; EN 15085-6:2022; EN 16334-1:2014+A1:2022; EN 16704-1:2016+A1:2021; EN 16704-3:2016+A1:2021; EN 16839:2022; EN 50641:2020 agus leasú EN 62580-1:2016/A11:2017 ar chaighdeán comhchuibhithe EN 62580-1:2016.

(4) Thairis sin, ar bhonn na hIarrata, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* trí bhíthin Theachtaireachtaí 2011/C 214/02 ([4]) agus 2018/C 282/03 ([5]), agus trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453 ([6]) ón gCoimisiún, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn sa teicneolaíocht: EN ISO 3381:2011, EN 12080:2017, EN 12082:2017, EN 13103-1:2017, EN 13230-4:2009, EN 13260:2009+A1:2010, EN 13261:2009+A1:2010, EN 13262:2004+A2:2011, EN 13272:2012, EN 13481-2:2012+A1:2017, EN 13481-3:2012, EN 13481-5:2012+A1:2017, EN 13481-7:2012, EN 13674-2:2006+A1:2010, EN 13715:2006 +A1:2010, EN 13749:2011, EN 13979-1:2003+A2:2011, EN 14033-1:2017, EN 14067-5:2006+A1:2010, EN 14363:2016+A1:2018, EN 14531-1:2015, EN 14535-1:2005+A1:2011, EN 14535-2:2011, EN

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057 final ón gCoimisiún an 20.2.2023 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le táirgí, chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO C 214, 20.7.2011, lch. 54).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO C 282, 10.8.2018, lch. 6).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453 ón gCoimisiún an 27 Márta 2020 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le táirgí iarnróid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO L 95, 30.3.2020, lch. 1).

14535-3:2015, EN 14601:2005+A1:2010, EN 14752:2015, EN 15020:2006+A1:2010, EN 15153-1:2013 +A1:2016, EN 15153-2:2013, EN 15227:2008+A1:2010, EN 15302:2008+A1:2010, EN 15427:2008+A1:2010, EN 15437-1:2009, EN 15437-2:2012, EN 15528:2015, EN 15551:2017, EN 15566:2016, EN 15595:2009 +A1:2011, EN 15611:2008+A1:2010, EN 15612:2008+A1:2010, EN 15624:2008+A1:2010, EN 15625:2008 +A1:2010, EN 15654-1:2018, EN 15663:2009, EN 15663:2009/AC:2010, EN 15686:2010, EN 15687:2010, EN 15734-1:2010, EN 15734-2:2010 arna cheartú le EN 15734-2:2010/AC:2012, EN 15746-1:2010+A1:2011, EN 15746-2:2010+A1:2011, EN 15806:2010, EN 15807:2011, EN 15892:2011, EN 16116-1:2013, EN 16116-2:2013, EN 16185-1:2014, EN 16185-2:2014, EN 16186-3:2016+A1:2018, EN 16207:2014, EN 16334:2014, EN 45545-2:2013+A1:2015, EN 50122-2:2010, EN 50122-3:2010, EN 50155:2007 arna cheartú le EN 50155:2007/AC:2010 agus EN 50155:2007/AC:2012, EN 50159:2010, EN 50163:2004 arna cheartú le EN 50163:2004/AC:2010 agus EN 50163:2004/AC:2013 agus arna leasú le EN 50163:2004/A1:2007, EN 50238-1:2003 arna cheartú le EN 50238-1:2003/AC:2014, EN 50317:2012, EN 50317:2012/AC:2012, EN 50367:2012, EN 50367:2012/AC:2013 agus arna leasú le EN 50367:2012/A1:2016, EN 50388:2012 arna cheartú le EN 50388:2012/AC:2013, EN 50553:2012 arna cheartú le EN 50553:2012/AC:2013 agus arna leasú le EN 50553:2012/A1:2016.

(5) Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe leasaitheacha seo a leanas: EN 13481-2:2022; EN 13481-3:2022; EN 14363:2016+A2:2022; EN 15437-2:2012+A1:2022; EN 15551:2022; EN 15566:2022; EN 15611:2020+A1:2022; EN 15624:2021; EN 15625:2021; EN 15734-1:2010+A1:2021; EN 15807:2021; EN 16116-1:2022; EN 16116-2:2021; EN 16186-3:2022; EN 50155:2021.

(6) Ina theannta sin, ar bhonn na hIarrata, rinne CEN agus Cenelec na caighdeáin seo a leanas a leasú/a athbhreithniú, caighdeáin a gcuimsítear na tagairtí dóibh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453 EN 14067-6:2018, EN 14198:2016+A1:2018, EN 50122-1:2011 arna leasú le EN 50122-1:2011/A1:2011, EN 50122-1:2011/A2:2016, EN 50122-1:2011/A3:2016 agus EN 50122-1:2011/A4:2017 agus arna cheartú le EN 50122-1:2011/AC:2012, EN 50318:2018.

(7) Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe leasaitheacha seo a leanas: EN 14198:2016 +A2:2021 agus EN 50318:2018 arna leasú le EN 50318:2018/A1:2022.

(8) Na caighdeáin a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú nó a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057.

(9) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtaigh, a d'athbhreithnigh agus a leasaigh CEN agus Cenelec ar bhonn na hIarrata, seachas caighdeán comhchuibhithe EN 50641:2020, na ceanglais uile is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán EN 50641:2020, áfach, tháinig sé ar an gconclúid nach gcomhlíonann an caighdeán na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797 ach amháin i ndáil le clásal 4.2.4 de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 ón gCoimisiún (7). Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú, maille le srianta, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí eile do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453 agus i dTeachtaireacht 2018/C 282/03, ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh sa Chinneadh seo má dheimhnítear a mbailíocht, nó ba cheart iad a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar dháta foilsithe an Chinnidh seo.

(12) Rinneadh go leor de na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i dTeachtaireacht 2018/C 282/03 a tharraingt siar cheana féin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453.

(7) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'fuinneamh' den chóras iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 356, 12.12.2014, lch. 179).

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453 a aisghairm agus ba cheart gan fheidhm a bheith ag Teachtaireacht 2018/C 282/03 a thuilleadh.

(14) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais.. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hidir-inoibritheacht na gcóras iarnróid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, leis seo déantar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. An tagairt a liostaítear i ró 114 den Iarscríbhinn sin, foilsítear í maille le srianta.

*Airteagal 2*

Scoirfidh Teachtaireacht 2018/C 282/03 d'fheidhm a bheith aici.

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh sa Teachtaireacht sin agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, leis seo déantar iad a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/453.

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh sa Chinneadh sin agus a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo, leis seo déantar iad a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 1. | EN 12081:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Boscaí acastóirí - Gréisc bhealaithe |
| 2. | EN 12663-1:2010+A1:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais struchtúracha maidir le cabhlacha feithiclí iarnróid - Cuid 1: Innill fhéinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (agus modh malartach le haghaidh vaigíní lastais) |
| 3. | EN 12663-2:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais struchtúracha maidir le cabhlacha feithiclí iarnróid - Cuid 2: Vaigíní lastais |
| 4. | EN 13129:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Aerchóiriú le haghaidh rothstoc na príomhlíne - Paraiméadair chompoird agus tástálacha cineáil |
| 5. | EN 13145:2001+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Trasnáin agus iompróirí adhmaid |
| 6. | EN 13230-1:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Trasnáin agus iompróirí coincréite - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta |
| 7. | EN 13230-2:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Trasnáin agus iompróirí coincréite - Cuid 2: Trasnáin aonbhloic réamhstrusta |
| 8. | EN 13230-3:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Trasnáin agus iompróirí coincréite - Cuid 3: Trasnáin neartaithe dhá bhloc |
| 9. | EN 13231-5:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Glacadh oibreacha - Cuid 5: Nósanna imeachta maidir le hathphróifíliú ráillí i ngairis líonta loma, ladhróg, crosairí agus leathnaithe |
| 10. | EN 13232-2:2003+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 2: Ceanglais le haghaidh dearadh geoiméadrach |
| 11. | EN 13232-3:2003+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 3: Ceanglais le haghaidh idirghníomhaíocht roth/ráillí |
| 12. | EN 13232-4:2005+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 4: Gníomhrú, glasáil agus braith |
| 13. | EN 13232-5:2005+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 5: Ladhróga |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 14. | EN 13232-6:2005+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 6: Crosairí seasta coiteanna agus maoluilleacha |
| 15. | EN 13232-7:2006+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 7: Crosairí ar a bhfuil páirteanna inbhogtha |
| 16. | EN 13232-8:2007+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 8: Fearais leathnaithe |
| 17. | EN 13232-9:2006+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ladhróga agus crosairí - Cuid 9: Leaganacha amach |
| 18. | EN 13481-2:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 2: Córais cheangail le haghaidh trasnáin choincréite i mballasta |
| 19. | EN 13481-3:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 3: Córais daingniúcháin le haghaidh trasnáin chumaisc adhmaid agus pholaiméireacha |
| 20. | EN 13674-1:2011+A1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ráillí - Cuid 1: Ráillí iarnróid Vignole 46 kg/m agus os a chionn |
| 21. | EN 13674-3:2006+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta- Ráillí - Cuid 3: Ráillí cosanta |
| 22. | EN 13803-1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Paraiméadair dearaidh um ailíniú rianta - Leithid rianta 1 435 mm agus níos leithne - Cuid 1: Líne lom |
| 23. | EN 13803-2:2006+A1:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Paraiméadair dearaidh um ailíniú rianta - Leithid rianta 1 435 mm agus níos leithne - Cuid 2: Ladhróga agus crosairí agus cásanna inchomparáide dearaidh um ailíniú lena ngabhann athruithe tobanna ar an gcuaire |
| 24. | EN 13848-5:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Cáilíocht gheoiméadrach rianta - Cuid 5: Leibhéil cháilíochta geoiméadraí - Líne lom, ladhróga agus crosairí |
| 25. | EN 14067-4:2013+A1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Aeraidinimic - Cuid 4: Ceanglais agus nósanna imeachta tástála le haghaidh aeraidinimice ar rian oscailte |
| 26. | EN 14198:2016+A2:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Ceanglais maidir le córas coscánaithe traenacha a tharraingíonn innill fhéinghluaiste |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 27. | EN 14363:2016+A2:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil agus Ionsamhlú le haghaidh glacadh saintréithe reatha feithiclí iarnróid - Iompar Reatha agus tástálacha seasta |
| 28. | EN 14531-2:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Modhanna chun faid stoptha agus mhoillithe agus coscánú baic gluaiseachta a ríomh - Cuid 2: Ríomhanna céim ar chéim le haghaidh foirne traenacha nó feithiclí aonair |
| 29. | EN 14587-2:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Buntáthú splaince ráillí - Cuid 2: Ráillí úra gráid R220, R260, R260Mn agus R350HT le hinnill táthúcháin shoghluaiste ag láithreáin eile seachas ionad seasta |
| 30. | EN 14813-1:2006+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Aerchóiriú le haghaidh cábáin tiomána - Cuid 1: Paraiméadair chompoird |
| 31. | EN 14813-2:2006+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Aerchóiriú le haghaidh cábáin tiomána - Cuid 2: Tástálacha cineáil |
| 32. | EN 14865-1:2009+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Gréisc bhealaithe an bhosca acastóirí - Cuid 1: Modh chun an cumas bealaithe a thástáil |
| 33. | EN 14865-2:2006+A2:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Gréisc bhealaithe an bhosca acastóirí - Cuid 2: Modh chun cobhsaíocht mheicniúil luasanna feithicle suas le 200 km/h a chlúdach a thástáil |
| 34. | EN 15085-3:2022+A1:2023<br>Feidhmeanna iarnróid - Táthú feithiclí agus páirteanna iarnróid - Cuid 3: Ceanglais dearaidh |
| 35. | EN 15085-6:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Táthú feithiclí agus páirteanna iarnróid - Cuid 6: Riachtanais táthaithe ar mhaithe le caoi a choinneáil ar threalamh |
| 36. | EN 15220:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Táscairí coscáin |
| 37. | EN 15273-2:2013+A1:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Leithid - Cuid 2: Leithead rothstoic |
| 38. | EN 15273-3:2013+A1:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Leithid - Cuid 3: Imchlúdaigh struchtúir |
| 39. | EN 15313:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le hoibriú foirne roth inseirbhíse - Cothabháil sheachtrach agus inseirbhíse foirne roth |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 40. | EN 15355:2019<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Comhlaí dáileora agus gairis aonraithe dáileoirí |
| 41. | EN 15437-2:2012+A1:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Monatóireacht ar bhail an bhosca acastóirí - Ceanglais maidir le comhéadan agus dearadh - Cuid 2: Ceanglais maidir le feidhmíocht agus dearadh córas ar bord le haghaidh monatóireacht teochta |
| 42. | EN 15461:2008+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Astaíocht torainn - Tréithriú airíonna dinimiciúla stráicí raoin le haghaidh tomhais torainn 'ag dul thart' |
| 43. | EN 15551:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc iarnróid - Maoláin |
| 44. | EN 15566:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc iarnróid - Gléas tarraingthe agus cúpláil scriúnna |
| 45. | EN 15594:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Cur ar ais ráillí trí tháthú stua leictreach |
| 46. | EN 15610:2019<br>Feidhmeanna iarnróid - Fuaimíocht - Tomhas gairbhe ráillí agus rotha maidir le giniúint teorainn |
| 47. | EN 15611:2020+A1:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Comhlaí athsheachadáin |
| 48. | EN 15624:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Gairis athraithe folmha-lódáilte |
| 49. | EN 15625:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Gairis braite ualaigh athraithigh uathoibríocha |
| 50. | EN 15723:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Gléasanna dúnta agus glasála le haghaidh gléasanna cosanta pálasta i gcoinne tionchair chomhshaoil - Ceanglais maidir le marthanacht, oibríocht, tásc, cothabháil, athchúrsáil |
| 51. | EN 15734-1:2010+A1:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais choscánaithe traenacha ardluais - Cuid 1: Ceanglais agus sainmhínithe |
| 52. | EN 15807:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Leathchupálacha neomatacha |
| 53. | EN 15827:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le bógaithe agus giaranna reatha |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 54. | EN 15877-1:2012+A1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Marcáil ar fheithiclí iarnróid - Cuid 1: Vaigíní lastais |
| 55. | EN 15877-2:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Marcanna ar fheithiclí iarnróid - Cuid 2: Marcanna seachtracha ar chóistí, aonaid cumhachta gluaisní, innill fhéinghluaiste agus innill ar raon |
| 56. | EN 16019:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Cúplóir uathoibríoch - Ceanglais feidhmíochta, geoiméadracht chomhéadain ar leith agus modh tástála |
| 57. | EN 16116-1:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais deartha maidir le céimeanna, ráillí láimhe agus rochtain ghaolmhar do bhaill foirne - Cuid 1: Feithiclí paisinéirí, veaineanna agus innill fhéinghluaiste |
| 58. | EN 16116-2:2021<br>Feidhmeanna iarnród - Ceanglais deartha maidir le céimeanna, ráillí láimhe agus rochtain ghaolmhar do bhaill foirne - Cuid 2: Vaigíní lastais |
| 59. | EN 16186-1:2014+A1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Cábán an tiománaí - Cuid 1: Sonraí agus antrapoiméadracha agus infheictheacht |
| 60. | EN 16186-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Cábán an tiománaí - Cuid 2: Comhtháthú taispeántas, rialtán agus táscairí |
| 61. | EN 16186-3:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Cábán an tiománaí - Cuid 3: Dearadh taispeáint d’fheithiclí troma iarnróid |
| 62. | EN 16235:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil le haghaidh glacadh le saintréithe reatha feithiclí iarnróid - Vaigíní lastais - Coinníollacha le haghaidh dispeansáid vaigíní lastais lena bhfuil saintréithe sainithe ó thástálacha ar an raon de réir EN 14363 |
| 63. | EN 16241:2014+A1:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Coigeartóir scaoilteachta |
| 64. | EN 16286-1:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Córas pasáistí idir feithiclí - Cuid 1: Príomhfheidhmeanna |
| 65. | EN 16334-1:2014+A1:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Córas Rabhaidh do Phaisinéirí - Cuid 1: Riachtanais chórais le haghaidh iarnród príomhlíne |
| 66. | EN 16404:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le hathchur ráillí agus athshlánaithe le haghaidh feithiclí iarnróid |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 67. | EN 16452:2015+A1:2019<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Bloic choscáin |
| 68. | EN 16494:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le Cláir ERTMS Taobh Riain |
| 69. | EN 16584-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Ceanglais ghinearálta - Cuid 1: Codarsnacht |
| 70. | EN 16584-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Ceanglais ghinearálta - Cuid 2: Faisnéis |
| 71. | EN 16584-3:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Ceanglais ghinearálta - Cuid 3: Saintréithe optúla agus frithchuimilte |
| 72. | EN 16585-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Trealamh agus comhpháirteanna ar bord rothstoic - Cuid 1: Leithris |
| 73. | EN 16585-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Trealamh agus comhpháirteanna ar bord rothstoic - Cuid 2: Gnéithe maidir le suí, seasamh agus gluaiseacht |
| 74. | EN 16585-3:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Trealamh agus comhpháirteanna ar bord rothstoic - Cuid 3: Glanbhealaí agus doirse inmheánacha |
| 75. | EN 16586-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Inrochtaineacht daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar rothstoc - Cuid 1: Céimeanna le haghaidh rochtana agus imeachta |
| 76. | EN 16586-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh úsáid PRM - Inrochtaineacht daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar rothstoc - Cuid 2: Áiseanna bordála |
| 77. | EN 16587:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Dearadh le haghaidh Úsáid PRM - Ceanglais maidir le bealaí saor ó bhacainní le haghaidh bonneagair |
| 78. | EN 16683:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Gaireas um ghlao ar chabhair agus cumarsáide - Ceanglais |
| 79. | EN 16704-1:2016+A1:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Cosaint sábháilteachta ar an rian le linn oibre - Cuid 1: Rioscaí ar iarnróid agus prionsabail choiteanna le haghaidh láithreáin oibre sheasta agus mhóibíleacha a chosaint |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 80. | EN 16704-3:2016+A1:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Cosaint sábháilteachta ar an rian le linn oibre - Cuid 3: Inniúlachtaí do phearsanra a bhfuil baint acu le hobair gar do rianta nó ar rianta |
| 81. | EN 16729-1:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Bonneagar - Tástáil neamhscriosach ar ráillí raonta - Cuid 1: Ceanglais maidir le prionsabail um chigireacht agus meastóireacht ultrasonach |
| 82. | EN 16729-3:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Bonneagar - Tástáil neamhscriosach ar ráillí rianta- Cuid 3: Ceanglais maidir le lochtanna ráillí inmheánacha agus dromchla a shainaithint |
| 83. | EN 16729-4:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Bonneagar - Tástáil neamhscriosach ar ráillí rianta- Cuid 4: Cáilíocht an phearsanra le haghaidh tástáil neamhscriosach ar ráillí |
| 84. | EN 16839:2022<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc - Leagan amach ceannstoic |
| 85. | EN 16922:2017+A1:2019<br>Feidhmeanna iarnróid - Seirbhísí ar talamh - Trealamh le haghaidh scaoileadh fuíolluisce feithicle |
| 86. | EN 17023:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Cothabháil feithiclí iarnróid - Plean cothabhála a chruthú agus a mhionathrú |
| 87. | EN 17069-1:2019<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais agus nósanna imeachta maidir le hathrú leithid rianta - Cuid 1: Córais Leithid Athraithigh Uathoibríocha |
| 88. | EN 45545-1:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 1: Ginearálta |
| 89. | EN 45545-3:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 3: Ceanglais dó-obachta do thoitbhacainní |
| 90. | EN 45545-4:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 4: Ceanglais maidir le sábháilteacht dóiteáin le haghaidh dearadh rothstoic |
| 91. | EN 45545-5:2013+A1:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 5: Ceanglais sábháilteachta dóiteáin le haghaidh trealamh leictreach lena n-áirítear trealamh leictreach busanna, busanna treoraithe ag rianta agus feithiclí ardaithe mhaighnéadaigh |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 92. | EN 45545-6:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 6: Córais um rialú agus bainistíocht dóiteáin |
| 93. | EN 45545-7:2013<br>Feidhmeanna iarnróid -Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 7: Ceanglais sábháilteachta dóiteáin le haghaidh suiteálacha leachta inlasta agus gáis inlasta |
| 94. | EN 50124-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Comhordú inslithe - Cuid 1: Buncheanglais - Spásanna agus faid ligin do gach trealamh leictreach agus leictreonach |
| 95. | EN 50124-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Comhordú inslithe - Cuid 2: Róvoltais agus cosaint ghaolmhar |
| 96. | EN 50125-2:2002<br>Feidhmeanna iarnróid - Dálaí comhshaoil maidir le trealaimh - Cuid 2: Suiteálacha leictreacha seasta<br>EN 50125-2:2002/AC:2010 |
| 97. | EN 50125-3:2003<br>Feidhmeanna iarnróid - Dálaí comhshaoil maidir le trealaimh - Cuid 3: Trealamh le haghaidh comharthaíochta agus teileachumarsáide<br>EN 50125-3:2003/AC:2010 |
| 98. | EN 50126-1:2017<br>Feidhmithe iarnróid - Sonrú agus Léiriú na hIontaofachta, na hInfhaighteachta, na hInchothabháilteachta agus na Sábháilteachta (RAMS) - Cuid 1: Próiseas RAMS ineálach |
| 99. | EN 50126-2:2017<br>Feidhmithe iarnróid - Sonrú agus Léiriú na hIontaofachta, na hInfhaighteachta, na hInchothabháilteachta agus na Sábháilteachta (RAMS) - Cuid 2: Cur Chuige Córas maidir le Sábháilteacht |
| 100. | EN 50129:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais chumarsáide, chomharthaíochta agus phróiseála - Córais leictreonacha sábháilteachta le haghaidh na comharthaíochta<br>EN 50129:2018/AC:2019-04 |
| 101. | EN 50155:2021<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc - Trealamh leictreonach |
| 102. | EN 50318:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais tiomsaithe sruthanna - Bailíochtú ionsamhlú na hidirghníomhaíochta dinimiciúla idir pantagraf agus líne theagmhála lasnairde<br>EN 50318:2018/A1:2022 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 103. | EN 50405:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais tiomsaithe sruthanna - Pantagraif, modhanna tástála le haghaidh stráicí teagmhála<br>EN 50405:2015/A1:2016 |
| 104. | EN 50463-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fuinnimh ar bord traenacha - Cuid 1: Ginearálta |
| 105. | EN 50463-2:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fuinnimh ar bord traenacha - Cuid 2: Tomhas fuinnimh<br>EN 50463-2:2017/AC:2018-10 |
| 106. | EN 50463-3:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fuinnimh ar bord traenacha - Cuid 3: Láimhseáil sonraí |
| 107. | EN 50463-4:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fuinnimh ar bord traenacha - Cuid 4: Cumarsáid |
| 108. | EN 50463-5:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fuinnimh ar bord traenacha - Cuid 5: Measúnú comhréireachta |
| 109. | EN 50533:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Saintréithe voltais líne traenach trí chéim<br>EN 50533:2011/A1:2016 |
| 110. | EN 50562:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Próiseas, bearta cosanta agus taispeántas sábháilteachta le haghaidh córais tarraingtí leictreacha |
| 111. | EN 50592:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil rothstoic le haghaidh comhoiriúnacht leictreamaighnéadach le háiritheoir acastóirí |
| 112. | EN 50617-1:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Paraiméadair theicniúla córas braite traenach le haghaidh idir-inoibritheacht an chórais iarnróid tras-Eorpaigh - Cuid 1: Ciorcaid riain |
| 113. | EN 50617-2:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Paraiméadair theicniúla córas braite traenach le haghaidh idir-inoibritheacht an chórais iarnróid tras-Eorpaigh - Cuid 2: Áiritheoirí acastóirí<br>EN 50617-2:2015/AC:2016 |
| 114. | EN 50641:2020<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Ceanglais maidir le bailíochtú uirlisí ionsamhlaithe a úsáidtear le haghaidh dearadh córas soláthair cumhachta tarraingtí leictreacha<br>Srian: Leis an gcaighdeán seo, glactar leis nach bhfuil comhréireacht ann ach le clásal 4.2.4. de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 ón gCoimisiún |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 115. | EN 61375-1:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 1: Ailtireacht ghinearálta (IEC 61375-1:2012) |
| 116. | EN 61375-2-1:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 2-1: Bus Sreinge Traenach (WTB) (IEC 61375-2-1:2012) |
| 117. | EN 61375-2-2:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 2-2: Tástáil chomhréiteach maidir le Bus Sreinge Traenach (IEC 61375-2-2:2012) |
| 118. | EN 61375-2-5:2015<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 2-5: Cnámh Droma Ethernet Traenach (IEC 61375-2-5:2014) |
| 119. | EN 61375-3-1:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 3-1: Bus Feithicle Ilfheidhme (IEC 61375-3-1:2012) |
| 120. | EN 61375-3-2:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 3-2: Tástáil chomhréiteach maidir le Bus Feithicle Ilfheidhme (MVB) (IEC 61375-3-2:2012) |
| 121. | EN 61375-3-3:2012<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Líonra cumarsáide traenacha (TCN) - Cuid 3-3: Líonra Comhdhéanaimh CANopen (CCN) (IEC 61375-3-3:2012) |
| 122. | EN 62580-1:2016<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Fochórais ilmheán agus teileamaitice ar bord le haghaidh iarnród - Cuid 1: Ailtireacht ghinearálta (IEC 62580-1:2015)<br>EN 62580-1:2016/A11:2017 |
| 123. | EN 62621:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Tarraingt leictreach - Ceanglais shonracha le haghaidh inslitheoirí cumaisc a úsáidtear le haghaidh córais línte teagmhála lasnairde (IEC 62621:2011)<br>EN 62621:2016/A1:2016 |

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN ISO 3381:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Fuaimíocht - Tomhas torainn laistigh d'fheithiclí iarnróid (ISO 3381:2005) | an 21 Samhain 2023 |
| 2. | EN 12080:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Boscaí acastóirí - Imthacaí rollacha | an 21 Samhain 2023 |
| 3. | EN 12082:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Boscaí acastóirí - Tástáil feidhmíochta | an 21 Samhain 2023 |
| 4. | EN 13103-1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Cuid 1: Modh deartha le haghaidh acastóirí ar a bhfuil siurnail sheachtracha | an 21 Samhain 2023 |
| 5. | EN 13230-4:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Trasnáin agus iompróirí coincréite - Cuid 4: Iompróirí réamhstrusta le haghaidh ladhróg agus crosairí | an 21 Samhain 2023 |
| 6. | EN 13260:2009+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Foirne rothaí - Ceanglais táirge | an 21 Samhain 2023 |
| 7. | EN 13261:2009+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Acastóirí - Ceanglais táirge | an 21 Samhain 2023 |
| 8. | EN 13262:2004+A2:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Rothaí - Ceanglais táirge | an 21 Samhain 2023 |
| 9. | EN 13272:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Soilsiú leictreach don rothstoic i gcórais iompair phoiblí | an 21 Samhain 2023 |
| 10. | EN 13481-2:2012+A1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 2: Córais daingniúcháin le haghaidh trasnáin choincréite | an 21 Samhain 2023 |
| 11. | EN 13481-3:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 3: Córais daingniúcháin le haghaidh trasnáin adhmaid | an 21 Samhain 2023 |
| 12. | EN 13481-5:2012+A1:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 5: Córais daingniúcháin le haghaidh rian leac le ráillí ar an dromchla nó ráillí leabaithe i gcanáil | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 13. | EN 13481-7:2012<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh córais daingniúcháin - Cuid 7: Córais daingniúcháin speisialta le haghaidh ráillí ladhróg agus crosairí agus ráillí cosanta | an 21 Samhain 2023 |
| 14. | EN 13674-2:2006+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Ráillí - Cuid 2: Ráillí ladhróg agus crosairí 46 kg/m a úsáidtear i gcomhar le ráillí iarnróid Vignole 46 kg/m agus os a chionn | an 21 Samhain 2023 |
| 15. | EN 13715:2006+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Rothaí - Próifíl tráchta boinn | an 21 Samhain 2023 |
| 16. | EN 13749:2011<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Modh chun ceanglais struchtúracha frámaí bógaithe a shonrú | an 21 Samhain 2023 |
| 17. | EN 13979-1:2003+A2:2011<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Foirne rothaí agus bógaithe - Rothaí aonbhloic - Nós imeachta um fhormheas teicniúil - Cuid 1: Rothaí gaibhnithe agus rollacha | an 21 Samhain 2023 |
| 18. | EN 14033-1:2017<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Meaisíní tógála agus cothabhála iarnróid - Cuid 1: Ceanglais theicniúla reatha | an 21 Samhain 2023 |
| 19. | E 14067-5:2006+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Aeraidinimic - Cuid 5: Ceanglais agus nósanna imeachta tástála le haghaidh aeraidinimice i dtolláin | an 21 Samhain 2023 |
| 20. | EN 14363:2016+A1:2018<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil agus Ionsamhlú le haghaidh glacadh saintréithe reatha feithiclí iarnróid - Iompar Reatha agus tástálacha seasta<br><br>Fógra: Ní ghlacfar leis go bhfuil comhréireacht ann ach amháin nuair a úsáidtear í i gcomhréir le tuairim theicniúil Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ERA-OPI-2018-3 (https://www.era.europa.eu/library/opinions-and-technical-advices_en) | an 21 Samhain 2023 |
| 21. | EN 14531-1:2015<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Modhanna chun faid stoptha agus mhoillithe agus coscánú baic gluaiseachta a ríomh - Cuid 1: Algartaim ghinearálta a bhaineann úsáid as ríomh meánluacha le haghaidh seiteanna traenach nó feithiclí aonair | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 22. | EN 14535-1:2005+A1:2011<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Dioscaí coscáin le haghaidh rothstoc iarnróid - Cuid 1: Dioscaí coscáin preasáilte nó craptha ar an acastóir nó ar an seafta tiomána, toisí agus riachtanais cháilíochta | an 21 Samhain 2023 |
| 23. | EN 14535-2:2011<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Dioscaí coscáin le haghaidh rothstoc iarnróid - Cuid 2: Dioscaí coscáin feistithe ar an roth, toisí agus riachtanais cháilíochta | an 21 Samhain 2023 |
| 24. | EN 14535-3:2015<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Dioscaí coscáin le haghaidh rothstoc iarnróid - Cuid 3: Dioscaí coscáin, feidhmíocht an diosca agus cúpláil frithchuimilte, aicmiú | an 21 Samhain 2023 |
| 25. | EN 14601:2005+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Buacairí deiridh díreacha agus ar uillinn don phíobán coscáin agus don phríomhphíobán taiscumair | an 21 Samhain 2023 |
| 26. | EN 14752:2015<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Córais iontrála taoibh chabhlach le haghaidh rothstoic | an 21 Samhain 2023 |
| 27. | EN 15020:2006+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Cúplóir tarrthála - Ceanglais feidhmíochta, geoiméadracht chomhéadain ar leith agus modhanna tástála | an 21 Samhain 2023 |
| 28. | EN 15153-1:2013+A1:2016<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Gairis sheachtracha rabhaidh infheicthe agus inchloiste - Cuid 1: Ceannsoilse, soilse marcála agus soilse cúil | an 21 Samhain 2023 |
| 29. | EN 15153-2:2013<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Gairis sheachtracha rabhaidh infheicthe agus inchloiste - Cuid 2: Bonnáin rabhaidh | an 21 Samhain 2023 |
| 30. | EN 15227:2008+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le hacmhainn cosanta i gcás tuairte le haghaidh cabhlacha feithiclí iarnróid | an 21 Samhain 2023 |
| 31. | EN 15302:2008+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Modh chun an chonacht choibhéiseach a chinneadh | an 21 Samhain 2023 |
| 32. | EN 15427:2008+A1:2010<br><br>Feidhmeanna iarnróid - Bainistíocht frithchuimilte roth/ráillí - Bealú feire | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 33. | EN 15437-1:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Monatóireacht ar bhail an bhosca acastóirí - Ceanglais maidir le comhéadan agus dearadh - Cuid 1: Trealamh taobhriain agus bosca acastóirí rothstoic | an 21 Samhain 2023 |
| 34. | EN 15437-2:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Monatóireacht ar bhail an bhosca acastóirí - Ceanglais maidir le comhéadan agus dearadh - Cuid 2: Ceanglais maidir le feidhmíocht agus dearadh córas ar bord le haghaidh monatóireacht teochta | an 21 Samhain 2023 |
| 35. | EN 15528:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Catagóirí línte chun an comhéadan idir teorainneacha lóid feithiclí agus bonneagar a bhainistiú | an 21 Samhain 2023 |
| 36. | EN 15551:2017<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc iarnróid - Maoláin | an 21 Samhain 2023 |
| 37. | EN 15566:2016<br>Feidhmeanna iarnróid - Rothstoc iarnróid - Gléas tarraingthe agus cúpláil scriúnna | an 21 Samhain 2023 |
| 38. | EN 15595:2009+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Cosaint ar shleamhnú rotha | an 21 Samhain 2023 |
| 39. | EN 15611:2008+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Comhlaí athsheachadáin | an 21 Samhain 2023 |
| 40. | EN 15612:2008+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Comhla luasaire píobán coscáin | an 21 Samhain 2023 |
| 41. | EN 15624:2008+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Gairis athraithe folmha-lódáilte | an 21 Samhain 2023 |
| 42. | EN 15625:2008+A1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Gairis braite ualaigh athraithigh uathoibríocha | an 21 Samhain 2023 |
| 43. | EN 15654-1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Tomhas fórsaí ingearacha ar rothaí agus ar fhoirne rothaí - Cuid 1: Láithreacha tomhais ar rian le haghaidh feithiclí i seirbhís | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 44. | EN 15663:2009<br>Feidhmeanna iarnróid - Sainmhíniú ar mhaiseanna tagartha feithiclí<br>EN 15663:2009/AC:2010 | an 21 Samhain 2023 |
| 45. | EN 15686:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil le haghaidh glacadh saintréithe reatha feithiclí iarnróid ag a bhfuil córas cúitimh claonta easnamhaigh ráillí agus/nó feithiclí a bheartaítear a oibriú le claonadh easnamhach ráillí níos airde ná mar a luaitear in EN 14363:2005, Iarscríbhinn G | an 21 Samhain 2023 |
| 46. | EN 15687:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Tástáil le haghaidh glacadh saintréithe reatha feithiclí lastais ag a bhfuil marbhualach acastóra os cionn 225 kN agus suas le 250 kN | an 21 Samhain 2023 |
| 47. | EN 15734-1:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais choscánaithe traenacha ardluais - Cuid 1: Ceanglais agus sainmhínithe | an 21 Samhain 2023 |
| 48. | EN 15734-2:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais choscánaithe traenacha ardluais - Cuid 2: Modhanna tástála<br>EN 15734-2:2010/AC:2012 | an 21 Samhain 2023 |
| 49. | EN 15746-1:2010+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Innill bhóthair agus iarnróid agus trealamh gaolmhar - Cuid 1: Ceanglais theicniúla reatha agus oibrithe | an 21 Samhain 2023 |
| 50. | EN 15746-2:2010+A1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Rianta - Innill bhóthair agus iarnróid agus trealamh gaolmhar - Cuid 2: Ceanglais ghinearálta sábháilteachta | an 21 Samhain 2023 |
| 51. | EN 15806:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Tástáil coscán statach | an 21 Samhain 2023 |
| 52. | EN 15807:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Leathchupálacha neomatacha | an 21 Samhain 2023 |
| 53. | EN 15892:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Astaíocht torainn - Tomhas torainn i gcábáin an tiománaí | an 21 Samhain 2023 |
| 54. | EN 16116-1:2013<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais deartha maidir le céimeanna, ráillí láimhe agus rochtain ghaolmhar do bhaill foirne - Cuid 1: Feithiclí paisinéirí, veaineanna bagáiste agus innill fhéinghluaiste | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 55. | EN 16116-2:2013<br>Feidhmeanna iarnród - Ceanglais deartha maidir le céimeanna, ráillí láimhe agus rochtain ghaolmhar do bhaill foirne - Cuid 2: Vaigíní lastais | an 21 Samhain 2023 |
| 56. | EN 16185-1:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais choscánaithe traenacha ilaonad - Cuid 1: Ceanglais agus sainmhínithe | an 21 Samhain 2023 |
| 57. | EN 16185-2:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais choscánaithe traenacha ilaonad - Cuid 2: Modhanna tástála | an 21 Samhain 2023 |
| 58. | EN 16186-3:2016+A1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Cábán an tiománaí - Cuid 3: Dearadh na dtaispeántas | an 21 Samhain 2023 |
| 59. | EN 16207:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Critéir fheidhmiúla agus feidhmíochta córas Coscáin Mhaighnéadaigh Ráillí le húsáid i rothstoc iarnróid | an 21 Samhain 2023 |
| 60. | EN 16334:2014<br>Feidhmeanna iarnróid - Córas Rabhaidh do Phaisinéirí - Riachtanais chórais | an 21 Samhain 2023 |
| 61. | EN 45545-2:2013+A1:2015<br>Feidhmeanna iarnróid - Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid - Cuid 2: Ceanglais maidir le hiompar dóiteáin ábhar agus comhpháirteanna | an 21 Samhain 2023 |
| 62. | EN 50122-2:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Sábháilteacht leictreach, talmhú agus an ciorcad fillte - Cuid 2: Forálacha i gcoinne éifeachtaí sruthanna fánacha mar gheall ar chórais tarraingthe d.c. | an 21 Samhain 2023 |
| 63. | EN 50122-3:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Sábháilteacht leictreach, talmhú agus an ciorcad fillte - Cuid 3: Idirghníomhaíocht fhrithpháirteach córas tarraingthe a.c. agus d.c. | an 21 Samhain 2023 |
| 64. | EN 50155:2007<br>Feidhmeanna iarnróid - Trealamh leictreach a úsáidtear ar rothstoc<br>EN 50155:2007/AC:2010<br>EN 50155:2007/AC:2012 | an 21 Samhain 2023 |
| 65. | EN 50159:2010<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais chumarsáide, chomharthaíochta agus phróiseála - Cumarsáid sábháilteachta i gcórais tarchurtha | an 21 Samhain 2023 |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 66. | EN 50163:2004<br>Feidhmeanna iarnróid - Voltais soláthair córas tarraingthe<br>EN 50163:2004/AC:2010<br>EN 50163:2004/AC:2013<br>EN 50163:2004/A1:2007 | an 21 Samhain 2023 |
| 67. | EN 50238-1:2003<br>Feidhmeanna iarnróid - Comhoiriúnacht idir córais bhraite rothstoic agus traenacha - Cuid 1: Ginearálta<br>EN 50238-1:2003/AC:2014 | an 21 Samhain 2023 |
| 68. | EN 50317:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais tiomsaithe sruthanna - Ceanglais agus bailíochtú maidir le tomhais na hidirghníomhaíochta dinimiciúla idir pantagraf agus líne theagmhála lasnairde<br>EN 50317:2012/AC:2012 | an 21 Samhain 2023 |
| 69. | EN 50367:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais tiomsaithe sruthanna - Critéir theicniúla maidir leis an idirghníomhaíocht idir an pantagraf agus an líne lasnairde (chun saor-rochtain a bhaint amach)<br>EN 50367:2012/AC:2013<br>EN 50367:2012/A1:2016 | an 21 Samhain 2023 |
| 70. | EN 50388:2012<br>Feidhmeanna Iarnróid - Soláthar cumhachta agus rothstoc - Critéir theicniúla maidir leis an gcomhordú idir an soláthar cumhachta (fostáisiún) agus an rothstoc chun idir-inoibritheacht a bhaint amach<br>EN 50388:2012/AC:2013 | an 21 Samhain 2023 |
| 71. | EN 50553:2012<br>Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais maidir le cumas reatha i gcás dóiteáin ar bord rothstoic<br>EN 50553:2012/AC:2013<br>EN 50553:2012/A1:2016 | an 21 Samhain 2023 |
| 72. | EN 62580-1:2016<br>Trealamh leictreonach iarnróid - Fochórais ilmheán agus teileamaitice ar bord le haghaidh iarnród - Cuid 1: Ailtireacht ghinearálta (IEC 62580-1:2015) | an 21 Samhain 2023 |

*IARSCRÍBHINN III*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN 14067-6:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Aeraidinimic - Cuid 6: Ceanglais agus nósanna imeachta tástála le haghaidh measúnú trasghaoithe | an 21 Samhain 2023 |
| 2. | EN 14198:2016+A1:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Ceanglais maidir le córas coscánaithe traenacha a tharraingíonn innill fhéinghluaiste | an 21 Samhain 2023 |
| 3. | EN 50122-1:2011<br>Feidhmeanna iarnróid - Suiteálacha seasta - Sábháilteacht leictreach, talmhú agus an ciorcad fillte - Cuid 1: Forálacha cosanta i gcoinne turraing leictreach<br>EN 50122-1:2011/A1:2011<br>EN 50122-1:2011/A2:2016<br>EN 50122-1:2011/A3:2016<br>EN 50122-1:2011/A4:2017<br>EN 50122-1:2011/AC:2012 | an 21 Samhain 2023 |
| 4. | EN 50318:2018<br>Feidhmeanna iarnróid - Córais tiomsaithe sruthanna - Bailíochtú ionsamhlú na hidirghníomhaíochta dinimiciúla idir pantagraf agus líne theagmhála lasnairde | an 21 Samhain 2023 |